Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) - Cuid XI**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Suíomh Láithreáin: Baile an Gharráin Theas, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe**

De bhun fhorálacha Chuid XI den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus de réir riachtanais Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), tugtar fógra leis seo go molann Comhairle Chontae na Gaillimhe go dtógfar Ceardlann nua um Mheicneoirí Briogáide Dóiteáin ag Baile an Gharráin Theas, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe. Áireofar sna moltaí oibreacha glanta láithreáin, tírdhreachú, páirceáil, naisc le seirbhísí atá ann cheana, agus oibreacha láithreáin gaolmhara uile.

Rinneadh réamhscrúdú ar an moladh faoin Treoir MTC 2011/92/AE arna leasú ag Treoir 2014/52/AE, (agus na forálacha ábhartha den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus na Rialacháin den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú) agus chinn an tÚdarás Pleanála nach bhfuil aon fhíordhóchúlacht go mbeidh tionchair shuntasacha ar an gcomhshaol mar gheall ar an bhforbairt mholta agus nach bhfuil Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol ag teastáil.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar an moladh faoin Treoir um Ghnáthóga (92/43/CE) agus faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus chinn an tÚdarás Pleanála nach bhfuil Ráiteas Tionchair Natura ag teastáil sa chás seo.

Beidh pleananna agus mionsonraí na forbartha molta ar fáil chun breathnú orthu nó chun ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a ghabhann leis an gcóip a dhéanamh, le linn gnáthuaireanta oifige (Dé Luain go dtí Dé hAoine, 9.00am - 4.00pm, seachas Saoirí Bainc agus Saoirí Poiblí) ó Dé hAoine, 03 Iúil 2026 go dtí Dé hAoine, 31 Iúil 2026, ag an áit seo a leanas:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Roinn Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX
- Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig Ceantair Bhaile Átha an Rí, Seansráid an Teampaill, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 C992
- Tairseach Chomhairliúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag https://consult.galway.ie/

Féadtar aighneachtaí agus tuairimí maidir leis an bhforbairt mholta, i dtaobh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt, a dhéanamh i scríbhinn chuig: An Roinn Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, P.O. Uimhir Bhosca 27, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX, nó i bhformáid leictreonach tríd an suíomh gréasáin speisialta ag https://planning.localgov.ie/search/application (Tairseach ar líne na GBRA). Is é an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí agus tuairimí ná Dé hAoine, an 14 Lúnasa 2026 ar 4pm.

Uinsinn Finn,
Stiúrthóir um Sheirbhísí, Forbairt Fhisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála, & Athrú Aeráide